

CÓD IOMPAIR DO BHAILL AGUS D'FHOIREANN ÓGRAS

Réamhrá

Bhí bonn comhoibríoch i gceist le hullmhú an Chóid Iompair seo, ina raibh Baill an Bhoird, bainistíocht agus foireann Ógras páirteach, le go mbeidh sé faofa agus glactha ag an gCoiste Stiúrtha, ag tabhairt san áireamh Téarmaí agus Coinníollacha Fostaíochta agus Polasaithe Acmhainní Daonna Ógras.

Aidhm na hEagraíochta

- An Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga phobal trí spás agus deis a sholáthar do dhaoine óga an Ghaeilge a úsáid ar bhonn compordach mar chuid de phobal labhartha Gaeilge.
- Cabhrú le forbairt shóisialta agus phearsanta an duine óg
- Cultúr dúchais na hÉireann a chothú

Cuspóir agus Réimse

Leagann an Cód seo amach na prionsabail eiticiúla a bhí aontaithe agus daingnithe ag Baill an Choiste Stiúrtha, Bainistíocht agus Foireann Ógras tríd na polasaithe, nósanna imeachta agus cleachtais Acmhainní Daonna agus Eagraíochta atá ann cheana.

Aidhmeanna

Tá an Cód Iompair, a bhfuil glactha ag Ógras leis, ag iarraidh

- Tacar de phrionsabail eiticiúla chomhaontaithe a rialaíonn ár n-iompar, a leagadh amach
- Muinín agus iontaobhas a chur chun cinn agus a choimeád
- Cosc a chur ar fhorbairt nó ar ghlacadh le cleachtas mí-eiticiúil.

Prionsabail Ógras

1. Ionracas

Táimidne, mar Bhaill den Choiste, mar Bhainistíocht ags mar fhoireann d'Ógras, tiomanta chun ár bhfreagrachtaí a chur i gcrích i slí eiticiúil agus macánta. Agus sin á dhéanamh againn, déanfaimid bainistiú agus feidhmiú ar ghnó Ógras le hionracas lánmhaith. Deimhnímid an tiomantas d'fhaisnéisiú ag Baill an Choiste, d'aon leasanna fostaíochta/gnó seachtracha, atá nó a d'fhéadfadh a bheith, i gcoimhlint le cuspóirí agus le gníomhaíochtaí Ógras. Glacaimid leis agus aontaímid nár cheart do bhainistíocht nó d'fhostaithe a bheith páirteach in aon fhostaíocht/leasanna seachtracha a bheadh i gcoimhlint le, nó a d'fhéadfadh a bheith i gcomhlint le haidhmeanna agus le gníomhaíochtaí Ógras.

Táimid tiomanta an méid seo a leanas a chinntiú

- Nach n-úsáidfear acmhainní nó am Ógras ar mhaithe le tairbhe phearsanta, nó ar mhaithe le daoine/eagraíochtaí nach bhfuil baint acu le hÓgras nó a cuid gníomhaíochtaí
- Gur léargas cruinn iad cuntais airgeadais agus tuairiscí Ógras ar fheidhmíocht agus nach bhfuil siad míthreorach nó ceaptha a bheith míthreorach
- Nach ndéantar bronntanais chorporáideacha, fáilteachas, cóir fhábhrach nó buntáistí a thairiscint nó nach nglactar leo, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar, nó a bheadh an cuma air go raibh sé ag cur isteach ar, chumas an bhronntóra nó an

fhaighteora breithiúnas neamhspleách a dhéanamh, a bheadh baint aige le gníomhaíochtaí Ógras.

- Go bhfuil an iompar a bhaineann le hearraí/seirbhísí a cheannach de réir deachleachtais, mar atá sna nósanna imeachta sean-bhunaithe do thógáil i seilbh phoiblí

2. Trédhearcacht

Tugann Baill an Choiste Stiúrtha, bainistíocht agus fostaithe Ógras tacaíocht do rochtain ar eolas ginearálta maidir le gníomhaíochtaí Ógras, i slí oscailte a chuireann le freagracht Ógras don bpobal i gcoitinne. Tá meas againn ar rúndacht an eolais íogair atá i seilbh Ógras. Séard atá i gceist leis an eolas seo ná ábhar ar nós:

- Eolas pearsanta
- Eolas faighte ag Ógras faoi rún
- Aon eolas a d'fhéadfadh a bheith íogair (san áireamh, ach gan a bheith teoranta do, phleananna don todhchaí nó sonraí d'athruithe mhóra eagraíochta, nó athruithe eile ar nós athstruchtúru)

Cloímid le nósanna imeachta cuí maidir le comhairle roimh ré le tríú pháirtithe, sa chás go moltar, i gcás eisceachtúil, scaoileadh le heolas íogair ar mhaithe leis an bpobal. Deimhnímid go bhfuilimid ag feidhmiú de réir na forálacha reachtúla ábhartha, reachtaíocht maidir le cosaint sonraí agus forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise san áireamh.

3. Dílseacht

Admhaíonn Baill an Choiste, Bainistíocht agus Foireann Ógras an fhreagracht a bheith dílis d'Ógras agus iomlán tiomanta dá ghníomhaíochtaí ar fad. Táimid aireach go gcaithfidh an eagraíocht é féin aird a thabhairt gur gníomhaireacht Stáit-mhaoinithe í, le ról soiléir, ar leithligh atá sainmhínithe sa reachtaíocht. Admhaímid an dualgas atá orainn uilig na caighdeáin is airde a bhaineann le heiticí oibre a chomhlíonadh.

4. Cothromaíocht

Déanaimid ár ndícheall, i gcónaí, géilliúlacht a chinntiú maidir le reachtaíocht comhionannais fostaíochta agus comhstádais. Táimid tiomanta do chothromaíocht i ngach beartaíocht agus tá meas againn ar ár gcustaiméirí ar fad agus caithimid go cothrom leo ar fad.

5. Timpeallacht Oibre/Seachtrach

Tugaimid ardtosaíocht do chur chun cinn agus do chaomhnú shláinte agus shábháilteacht gach duine atá ag obair linn, agus gach duine a thugann cuairt ar ár n-áitreabh. Leanaimid orainn ag iarraidh aon tionchar díobhálach a d'fhéadfadh a bheith ag oibríochtaí Ógras ar an gcomhshaol nó ar an bpobal níos leithne a íoslaghdu. Maidir leis sin, aithnímid chomh maith, ár ndualgas chun ár bhfeasacht ar an ngá atá lenár dtimpeallacht a chosaint ar mhaithe leis na glúinte atá le teacht, a fhorbairt de shíor.

6. Freagracht

Glacaimid le, agus déanaimid iarracht, na dualgais rialála agus reachtaíochta atá leagtha ar Ógras a chomhlíonadh. Tá ár nósanna imeachta do thairiscintí agus do cheannaigh deartha chun comhlíonadh a bhaint amach agus chun seasamh leis, chomh maith le cloí leis na leibhéil údaráis atá forordaithe, mar atá leasaithe ó am go chéile, maidir le caiteachas ábhartha a cheadú. Táimid tiomanta do shrianta a chur in áit agus a choimeád chun cosc a chur ar chalois, srianta leordhóthanacha chun a chinntiú go gcomhlíontar na nósanna imeachta forordaithe a bhaineann le héilimh ar chostais, san áireamh. Tá baill an Choiste tiomanta dianiarrachtaí réasúnta a dhéanamh freastal ar gach cruinniú Choiste. Maidir leis na nithe seo a leanas, is gá nósanna imeachta maidir le meas a bheith ar rúndacht agus é a choimeád a chur i bhfeidhm agus monatóiracht a dhéanamh orthu, siad san: téarmaí agus coinníollacha fostaíochta na foirne,

comhairleoirí agus conraitheoirí seachtracha a fháil agus Baill na Gníomhaireachta a cheapadh. D'ainneoin na hoscailteachta agus an neamhfhoirmeáltachta shuntasach i leith chumarsáid a roinnimid agus a bhfuil meas againn orthu laistigh d'Ógras, aithnímid go bhfuil gá muinín agus iontaobhas a bheith i roinnt an eolais agus na teagmhálaithe go himmheánach agus go seachtrach.

7. Comhlíonadh

Scaipfear an Cód Iompair seo i measc Bhaill an Choiste, bainistíocht agus fostaithe uilig agus coimeádfaidh siad é. Is ceart é a léamh le taobh an doiciméad polasaí reatha ar nochtadh leasa, atá scaipithe cheana. Iarrtar ar Bhaill an Bhoird, ar bhainistíocht agus ar an bhfoireann a admháil go bhfuil na doiciméidí seo faighte acu agus go dtuigeann siad iad. Iarrtar freisin ar Bhaill an Bhoird, ar bhainistíocht agus ar an bhfoireann a admháil go bhfuil treoirlínte na heagraíochta maidir le glacadh le bronntanais agus maidir le bhreithnithe eiticiúla eile a tharlaíonn de gnáth, faighte acu agus go dtuigeann siad iad.

8. Athbhreithniú

Tá Ógras tiomanta, ar a laghad gach trí bhliain, athbhreithniú a dhéanamh ar an gCód Iompair seo agus é a thabhairt suas chun dáta mar is cuí.